# An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte
# Treoirlínte do
# Cheannairí Páirtí Pharlaimintigh

*An tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte), 1938, arna leasú*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666**
**Ríomhphost: info@sipo.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**If you want to receive forms and correspondence from us in English please contact us.**

# Clár Ábhar


1 Réamhrá ........ 2

2. Tosach feidhme ........ 2

3 An Liúntas a Ríomh ........ 2

4 An Liúntas a Choigeartú ........ 3

5. An liúntas a éileamh ........ 3

6 An Liúntas a Aisíoc ........ 3

7 Caiteachas incheadaithe ........ 4

8 Coinníollacha ginearálta ........ 4

9 Ráiteas Caiteachais ........ 5

10 Athbhreithniú ag an gCoimisiún ........ 6

11 Coinneáil agus iniúchadh ag an bpobal ........ 7

AGUISÍN ........ 8

## 1 Réamhrá

1.1 Foráladh le sraith Achtanna éagsúla, agus san Acht um an Oireachtas agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, ar dtús d'íocaíocht liúntais bhliantúil (ar a dtugtaí an Liúntas Ceannairí Páirtí) a dhéanamh le ceannaire amháin nó níos mó ar pháirtithe parlaiminteacha. Rialáladh an íocaíocht faoi na hAchtanna sin freisin. Ceanglaítear ar cheannairí páirtí ráiteas bliantúil faoi chaiteachas ón liúntas sin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún).

1.2 D'éirigh liúntas den chineál céanna iníoctha le comhaltaí neamhspleácha den Dáil agus den Seanad faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001. Níor ceanglaíodh ar chomhaltaí neamhspleácha ráiteas caiteachais bliantúil a thabhairt.

1.3 Leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014, laghdaíodh an leibhéal íocaíochtaí agus foráladh den chéad uair riamh go gceanglófaí ar chomhaltaí neamhspleácha ráiteas caiteachais bliantúil a thabhairt don Choimisiún. Tugtar an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte (LGP) ar an liúntas anois.

1.4 Foráiltear le hAcht 2014 go bhféadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú ar mhaithe le treoir phraiticiúil a thabhairt do cheannairí parlaiminteacha ar pháirtithe cáilitheacha, do chomhaltaí neamhspleácha agus d'ionadaithe pearsanta maidir le cur i bhfeidhm agus feidhmiú na reachtaíochta.

1.5 Tá na treoirlínte seo a leanas dírithe ar cheannairí parlaiminteacha ar pháirtithe cáilitheacha a gceanglaítear orthu ráitis chaiteachais a thabhairt don Choimisiún. Leagtar príomhcheanglais na reachtaíochta amach sna treoirlínte, go háirithe na bearta a dhéanfaidh ceannaire páirtí pharlaimintigh le linn dó/di ráitis chaiteachais ón Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte a íocadh leis/léi a thabhairt don Choimisiún.

1.6 Eisíodh treoirlínte ar leith do chomhaltaí neamhspleácha.

## 2. Tosach feidhme

2.1 Tháinig na forálacha ábhartha d'Acht 2014 i bhfeidhm an 1 Iúil 2014. Le héifeacht ón dáta sin, is faoi réir an Achta atá aon íocaíocht le haghaidh an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte a fhaigheann ceannaire parlaiminteach ar pháirtí cáilitheach.

## 3 An Liúntas a Ríomh

3.1 Tá an liúntas iníoctha i dtaca le speansais a eascraíonn as gníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí cháilithigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde. Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar pháirtí cáilitheach ná páirtí polaitíochta, atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a chuaigh san iomaíocht le haghaidh an olltoghcháin is déanaí nó aon fhothoghchán ina dhiaidh sin agus ar toghadh comhalta amháin nó níos mó dá chuid chuig Dáil Éireann nó a ndearnadh comhalta amháin ar a laghad dá chuid a thoghadh nó a ainmniú chuig Seanad Éireann.

3.2 Ón 1 Iúil 2014, is é an liúntas bliantúil is iníoctha le ceannaire parlaiminteach ar pháirtí cáilitheach i nDáil Éireann ná €64,368 do gach comhalta den pháirtí a toghadh

i gcás gur toghadh suas le deichniúr comhaltaí den pháirtí. I gcás gur toghadh níos mó ná deichniúr comhaltaí den pháirtí agus nár toghadh níos mó ná tríocha comhalta den pháirtí, is é €64,368 an liúntas do gach duine den chéad deichniúr comhaltaí agus is é €51,493 an liúntas do gach duine de na comhaltaí eile. I gcás gur toghadh níos mó ná tríocha comhalta den pháirtí, is é €64,368 an liúntas do gach duine den chéad deichniúr comhaltaí; is é €51,493 an liúntas do gach duine den chéad fhiche comhalta eile; agus is é €25,754 an liúntas do gach duine de na comhaltaí eile. I gcás go bhfuil páirtí cáilitheach amháin sa Rialtas nó go bhfuil páirtí cáilitheach ar cheann amháin de na páirtithe sa Rialtas, laghdófar liúntais chomhcheangailte an pháirtí sin faoi aon trian.

3.3 Ón 1 Iúil 2014, is é an liúntas bliantúil is iníoctha le ceannaire parlaiminteach ar pháirtí cáilitheach i leith gach comhalta den pháirtí atá i Seanad Éireann ná €42,089 i gcás go ndearnadh nach mó ná cúigear comhaltaí den pháirtí a thoghadh nó a ainmniú chuig an Seanad. I gcás go ndearnadh níos mó ná cúigear comhaltaí den pháirtí a thoghadh nó a ainmniú chuig an Seanad, is é €42,089 an liúntas do gach duine den chéad chúigear comhaltaí agus is é €21,045 an liúntas do gach duine de na comhaltaí eile.

3.4 I gcás nár úsáideadh aon chuid den liúntas le linn aon tréimhse ar leith, féadfar an chuid sin a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad tréimhse eile.

3.5 Níl an liúntas faoi réir cáin ioncaim.

## 4 An Liúntas a Choigeartú

4.1 Foráiltear leis an Acht gurb amhlaidh, i gcás go ndéanfar luach saothair sa Státseirbhís a mhéadú nó a laghdú le héifeacht ó lá ar leith de réir comhaontuithe nó socruithe a bhfuil feidhm acu ar bhonn ginearálta sa Státseirbhís (is cuma cé acu a bheidh nó nach mbeidh feidhm acu maidir le fostaithe nach fostaithe Státseirbhíse iad freisin), go ndéanfar na liúntais is iníoctha faoin Acht a mhéadú nó a laghdú dá réir faoin méid céanna ón lá sin chomh maith.

## 5. An liúntas a éileamh

5.1 Tá an liúntas iníoctha gach mí ina riaráiste i leith gach seachtaine ina raibh an duine, tráth ar bith le linn na seachtaine sin, ina c(h)omhalta den Dáil nó den Seanad.

5.2 Is gá an liúntas a éileamh nuair a éiríonn sé dlite. Murar éilíodh liúntas is iníoctha i leith tréimhse ar leith (nó murar éilíodh ach cuid den liúntas sin) laistigh de 6 mhí ó d’éirigh sé dlite, scoirfear an liúntas is dlite i leith na tréimhse sin de bheith iníoctha.

## 6 An Liúntas a Aisíoc

6.1 Más rud é, tar éis olltoghcháin nó fothoghcháin, go scoireann páirtí dá bheith ina pháirtí cáilitheach, ní mór don cheannaire parlaiminteach ar an bpáirtí sin aon liúntas nár caitheadh a aisíoc. Ní mór an aisíocaíocht a dhéanamh faoin 30 Aibreán den bhliain díreach tar éis na bliana inar íocadh an liúntas.

6.2 Mura n-aisíoctar an liúntas ábhartha, féadfar é a aisghabháil mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

## 7 Caiteachas incheadaithe

7.1 Féadfaidh ceannairí parlaiminteacha an liúntas a íoc ar mhíreanna/ábhair a eascraíonn as gníomhaíochtaí parlaiminte. Forordaíodh catagóirí incheadaithe áirithe caiteachais san Acht. Cé go bhfuil sé de cheart ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an tAire) na catagóirí a leathnú, ní dhearna sé/sí amhlaidh go fóill. Áirítear le caiteachas incheadaithe caiteachas ar na catagóirí seo a leanas –

a) riarachán ginearálta a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí parlaiminte de chuid páirtí cháilithigh,
b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha,
c) taighde agus oiliúint,
d) ceapadh beartais,
e) seirbhísí sainchomhairleoirí a sholáthar, lena n-áirítear sainchomhairleoirí caidrimh phoiblí a fhostú,
f) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnaimh pharlaiminteacha,
g) seirbhísí tacaíochta do pháirtí parlaiminteach a cheannach ón bpáirtí,
h) aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le ceannaire parlaiminteach i ndáil le dualgais a eascraíonn as a g(h)níomhaíochtaí mar cheannaire den sórt sin, ar íocaíochtaí iad a bheidh ar leithligh ó aon íocaíochtaí a fhaigheann sé/sí mar chomhalta de Dháil Éireann nó mar shealbhóir oifige aireachta,
i) aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le haon duine eile i ndáil le dualgais a eascraíonn as gníomhaíochtaí an duine sin i bpáirtí parlaiminteach,
j) soláthar a dhéanamh do chaiteachas iompair agus pearsanta arna thabhú ag ceannaire parlaiminteach, ag oifigigh nó ag urlabhra páirtí pharlaimintigh a bhaineann leis an bhfeidhm páirtí pharlaimintigh atá acu, nó caiteachas den sórt sin a aisghabháil, agus
k) siamsaíocht.

7.2 Mholfadh an Coimisiún go dtabharfadh ceannairí parlaiminteacha aird ar an ngá atá le bheith ríchúramach agus airgead á chaitheamh acu ar shiamsaíocht, ar caiteachas é nár cheart a thabhú ach amháin i gcás go bhfuil riachtanas soiléir gnó leis. Ba cheart taifid a choinneáil ar chineál an ghnó lena mbaineann agus ar na daoine a bhain leas as an bhfáilteachas (lena n-áirítear na ceannairí páirtí pharlaimintigh iad féin).

## 8 Coinníollacha ginearálta

8.1 Ní fhéadfar an liúntas a chur i bhfeidhm i dtaca le speansas a n-aisíoctar é nó a ndéantar soláthar dó ar shlí eile.

8.2 Ní fhéadfar an maoiniú a fuarthas a chur i bhfeidhm i ndáil le speansais toghcháin (e.g. toghchán Dála, Seanaid, Eorpach, Uachtaránachta nó áitiúil) ná i ndáil le speansais reifrinn. Ní fhéadfar é a úsáid chun speansais den sórt sin a aisghabháil ach oiread.

8.3 I gcás go bhfuil sé/sí ar an aon chomhalta den pháirtí cáilitheach a toghadh, ní bheidh an liúntas iníoctha le ceannaire parlaiminteach i leith aon tréimhse ina sealbhaíonn sé/sí oifig an Chinn Chomhairle.

8.4 Ní íocfar an liúntas le ceannaire parlaiminteach i gcás nár thug an ceannaire parlaiminteach an ráiteas agus an tuarascáil iniúchóra dá dtagraítear i mír 9.5 (thíos) nó i gcás nach gcomhlíonann an ráiteas an tAcht agus nár cheartaigh an ceannaire parlaiminteach an ráiteas sin nuair a iarradh air/uirthi déanamh amhlaidh.

8.5 I gcás –

- go gcomhaontaíonn na comhaltaí de pháirtí cáilitheach go ndíscaoilfear an páirtí agus go ndéanfar cónascadh idir an páirtí díscaoilte agus páirtí cáilitheach sonraithe eile, nó go rachaidh gach comhalta den pháirtí díscaoilte isteach i bpáirtí cáilitheach sonraithe eile, agus
- go gcomhaontaíonn an páirtí cáilitheach eile éifeacht a thabhairt don chónascadh sin nó comhaltas a dheonú do gach comhalta den pháirtí díscaoilte ar an dáta sonraithe,

is amhlaidh, maidir le gach comhalta den pháirtí díscaoilte ar toghadh iad mar chomhaltaí de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann nó ar ainmníodh iad chuig Seanad Éireann mar chomhaltaí den pháirtí sin ag an olltoghchán nó ag an bhfothoghchán roimhe sular díscaoileadh an páirtí, go measfar gur comhaltaí den pháirtí eile iad na comhaltaí sin, chun críocha an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte a íocfar leis an gceannaire páirtí pharlaimintigh a ríomh.

## 9 Ráiteas Caiteachais

9.1 A luaithe is féidir, ach roimh an 30 Aibreán den bhliain dár gcionn, ní mór do cheannaire parlaiminteach ráiteas caiteachais a ullmhú, nó a chur faoi deara go n-ullmhófar ráiteas caiteachais, faoi aon chaiteachas ón liúntas a íocadh leis an gcomhalta i leith na bliana roimhe. Déanfar an spriocdháta, is é sin, an 30 Aibreán, a fhadú faoi aon tréimhse dá raibh Dáil Éireann lánscortha sa tréimhse lena mbaineann.

9.2 I gcás go bhfaigheann ceannaire parlaiminteach atá ag fáil liúntais bás, ní mór dá (h)ionadaí pearsanta an ráiteas ábhartha a ullmhú, nó a chur faoi deara go n-ullmhófar an ráiteas ábhartha, faoin spriocdháta ábhartha.

9.3 Níl feidhm ag míreanna 9.1 agus 9.2 (thuas) i gcás go scoireann ceannaire páirtí pharlaimintigh dá bheith ina c(h)eannaire parlaiminteach agus go gcomhaontaíonn sé/sí i scríbhinn leis an gceannaire páirtí nua go gcuirfear ráiteas faoi chaiteachas ón liúntas a íocadh leis an iarcheannaire parlaiminteach ar áireamh sa chéad ráiteas eile ón gceannaire nua.

9.4 Ní mór an ráiteas sin an ráiteas samplach atá tugtha san aguisín a ghabhann leis na treoirlínte seo a chomhlíonadh ó thaobh foirme agus ábhair de. Ba cheart do cheannairí páirtí pharlaimintigh taifid leordhóthanacha a choinneáil mar fhianaise ar an gcaiteachas agus ar chuspóir an chaiteachais.

9.5 Cuirfidh an ceannaire parlaiminteach faoi deara go ndéanfaidh iniúchóir reachtúil an ráiteas a iniúchadh agus, ina dhiaidh sin, tabharfaidh sé/sí an ráiteas agus an tuarascáil

iniúchóra don Choimisiún. Beidh tuarascáil an iniúchóra san fhoirm atá leagtha amach i gcuid 5 den ráiteas samplach san aguisín a ghabhann leis na treoirlínte seo.

## 10 Athbhreithniú ag an gCoimisiún

10.1 Breithneoidh an Coimisiún gach ráiteas agus tuarascáil iniúchóra a thugtar dó de réir mhír 9.5 (thuas) agus, nuair is cuí leis déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé tuarascáil i scríbhinn don Aire ar aon ábhar a d'fhéadfadh teacht aníos i dtaca leis an ráiteas nó an tuarascáil sin.

10.2 Má aimsíonn an Coimisiún mionearráid nó mioneasnamh sa ráiteas, tabharfaidh an Coimisiún 14 lá don cheannaire parlaiminteach (nó don duine a thug an ráiteas, nuair is cuí) chun é/í a cheartú.

10.3 Má tá an Coimisiún den tuairim nach gcomhlíonann an ráiteas an tAcht, tabharfaidh sé fógra scríofa ina mbeidh sonraí faoin neamhchomhlíonadh don duine a thug an ráiteas. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don duine go bhféadfaidh sé/sí tuairimí ar an ábhar a thabhairt don Choimisiún laistigh de 14 lá ón dáta a eisíodh an fógra chuig an duine sin agus go mbreithneoidh an Coimisiún aon tuairimí den sórt sin sula mbreithneoidh sé an t-ábhar tuilleadh.

10.4 I gcás go dtugann an duine ar eisíodh fógra chuige faoi mhír 10.3 a c(h)uid tuairimí don Choimisiún ar an ábhar dá dtagraítear san fhógra laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 10.3, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na tuairimí sin.

10.5 I gcás gurb amhlaidh go bhfuil an Coimisiún fós den tuairim, tar éis dó aon tuairimí a fuair an Coimisiún faoi mhír 10.3 a bhreithniú nó i gcás nach gcuireann an duine ar eisíodh fógra chuige aon tuairimí in iúl, go bhféadfadh go raibh neamhchomhlíonadh an Achta ann, cuirfidh sé tuarascáil ar an ábhar (i dteannta aon fhaisnéise ábhartha) ar aghaidh chuig an Aire agus chuig Cathaoirleach Dháil Éireann.

10.6 Seolfaidh an Coimisiún tuarascáil ar gach ráiteas agus tuarascáil iniúchóra chuig an Aire ina léireofar –

a) cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iad faoin teorainn ama shonraithe,
b) cé acu a nochtar nó nach nochtar aon chaiteachas iontu nach gcomhlíonann mír 8.2 (thuas),
c) cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an ráiteas rannáin 7, 8 agus 9 (thuas).

10.7 Leagfar tuarascálacha an Choimisiúin faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas freisin.

10.8 Féadfaidh an Coimisiún aon fhiosruithe is cuí leis a dhéanamh agus féadfaidh sé ceangal a chur ar dhuine ar bith aon fhaisnéis a thabhairt, lena n-áirítear doiciméid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón gCoimisiún chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

10.9 I gcás go dteipeann ar dhuine ceanglas a cuireadh air faoi mhír 10.8 thuas a chomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún

a) ráiteas chuige sin a thabhairt do Chathaoirleach Dháil Éireann agus don Aire, agus

b) sonraí faoin neamhchomhlíonadh a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

## 11 Coinneáil agus iniúchadh ag an bpobal

11.1 Ceannaire páirtí pharlaimintigh agus ionadaí pearsanta a dhéanann ráiteas mar atá leagtha amach i rannán 9, nó a chuireann faoi deara go ndéanfar ráiteas den sórt sin, ní mór dó/di taifid a bhaineann leis an ráiteas a choinneáil ar feadh tréimhse nach lú ná 6 bliana, nó ar feadh aon tréimhse níos giorra a fhéadfaidh an Coimisiún a chinneadh, ó dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann an ráiteas.

11.2 Is ar feadh tréimhse 6 bliana ar a laghad a choinneoidh an Coimisiún gach ráiteas agus tuarascáil iniúchóra a thugtar dó.

11.3 A luaithe is indéanta le réasún tar éis ráiteas agus tuarascáil iniúchóra a fháil (agus ar choinníoll go measann an Coimisiún gur sásúil atá an ráiteas roimhe seo), déanfaidh an Coimisiún –

a) cóip den ráiteas, den tuarascáil iniúchóra agus de thuarascáil an Choimisiúin ar an ráiteas a chur ar fáil lena n-iniúchadh saor in aisce ag an bpobal ar a shuíomh Gréasáin agus ina phríomhoifig le linn gnáthuaireanta oibre, agus

b) cead a thabhairt do dhuine ar bith cóip nó sliocht de ráiteas den sórt sin nó de thuarascáil den sórt sin a ghlacadh ar tháille a íoc nach mó ná costas réasúnach cóipeála, sna cásanna sin agus faoi réir na gcoinníollacha sin is cuí leis an gCoimisiún.

## AGUISÍN

## Ráiteas Caiteachais

### Nótaí Míniúcháin

### Ráiteas Caiteachais faoi "Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte" an 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023

**An tAcht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte 1938 arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014 (an tAcht)**

Ba cheart don cheannaire parlaiminteach treoirlínte an Choimisiúin a léamh agus, más gá, cabhair leis an bhfoirm a chomhlánú a iarraidh ó Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin (féach na huimhreacha teileafóin ag bun an leathanaigh).

Ba cheart don cheannaire parlaiminteach an méid seo a leanas a thabhairt dá (h)aire freisin

- ní mór sonraí **sonracha** a thabhairt, faoi na ceannteidil aonair, faoi na hábhair iarbhír ar úsáideadh an maoiniú ina leith;

- ní mór tuarascáil ó Iniúchóir Reachtúil a bheith ag gabháil leis an Ráiteas Caiteachais comhlánaithe, mar atá leagtha amach i gCuid 5 den fhoirm;

- foráiltear leis an Acht nach ndéanfar aon íocaíocht liúntais sa bhreis faoin reachtaíocht tar éis an 30 Aibreán i mbliain ar bith le ceannaire parlaiminteach nár thug Ráiteas Caiteachais agus an tuarascáil Iniúchóra Reachtúil a ghabhann leis don Choimisiún um Chaighdeáin.

***Ba cheart an Ráiteas Caiteachais comhlánaithe agus an tuarascáil Iniúchóra Reachtúil a bheith faighte ag an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán 2024.***

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí:**

**Sonraí Teagmhála:**

Teileafón: 01 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Gréasán: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

# Ráiteas Caiteachais faoi "Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte" an 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023

**An tAcht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte 1938 arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014 (an tAcht)**

**Comhlánaigh an fhoirm seo le peann dubh**

## Cuid 1. Ceannaire parlaiminteach an pháirtí cháilithigh

Ainm an pháirtí cháilithigh: ...............................................

Ainm an cheannaire pharlaimintigh: ...............................................

Seoladh: ...............................................

...............................................

...............................................

...............................................

Uimhreacha Teileafóin: T.........................................

Seoladh ríomhphoist: ..............................................

## Cuid 2. Iniúchóir Reachtúil

Ainm an Iniúchóra Reachtúil:

Seoladh: ...............................................

...............................................

...............................................

Uimhir Theileafóin: T..........................................

Seoladh ríomhphoist: ...............................................

## Cuid 3. Sonraí faoin Maoiniú a Fuarthas

an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023

Iomlán an mhaoinithe a fuarthas faoin Acht: ……………………………..

Suim an mhaoinithe a tugadh ar aghaidh ó thréimhse roimhe: ……………………………..

Iomlán foriomlán an mhaoinithe atá ar fáil lena chaitheamh in 2018: ……………………………

Iomlán an mhaoinithe a fuarthas faoin Acht: ==================

Caiteachas (mar a mhionsonraítear sna sceidil faoi iamh):

a) riarachán ginearálta ………………
b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle ………………
c) taighde agus oiliúint ………………
d) ceapadh beartais ……………...
e) seirbhísí sainchomhairleoirí a sholáthar …….............
f) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil ……………...
g) seirbhísí tacaíochta a cheannach ……………...
h) íocaíocht le ceannaire parlaiminteach ……………...
i) íocaíocht le duine eile ……………...
j) caiteachas iompair agus pearsanta ……………...
k) siamsaíocht ……………...

Iomlán an chaiteachais ==================

Iarmhéid an mhaoinithe a tugadh ar aghaidh: ..........................................

Deimhním

- nár úsáideadh cuid ar bith den mhaoiniú i ndáil le speansais toghcháin Dála, speansais toghcháin Seanaid, speansais toghcháin Eorpaigh, speansais toghcháin uachtaránachta nó speansais toghcháin áitiúil ná i ndáil le speansais reifrinn.
- Níor cuireadh aon éilimh eile ar mhaoiniú isteach i dtaca leis an gcaiteachas sin.

Síniú: ……………………………

Dáta: ..........................................

## Cuid 4. Sonraí faoi Chaiteachas

**a. Caiteachas ar riarachán ginearálta a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí parlaiminte de chuid an pháirtí.**

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

**b. Caiteachas ar chomhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha**

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

## c. Caiteachas ar thaighde agus oiliúint

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

| d. | Caiteachas ar cheapadh beartais |
|---|---|

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

**e. Caiteachas ar sheirbhísí sainchomhairleoirí a sholáthar, lena n-áirítear sainchomhairleoirí caidrimh phoiblí a fhostú**

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

**f. Caiteachas ar shuirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnaimh pharlaiminteacha**

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

**g. Caiteachas ar sheirbhísí tacaíochta do pháirtí parlaiminteach a cheannach ón bpáirtí.**

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

**h. Caiteachas ar aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le ceannaire parlaiminteach i ndáil le dualgais a eascraíonn as a g(h)níomhaíochtaí mar cheannaire den sórt sin, ar íocaíochtaí iad a bheidh ar leithligh ó aon íocaíochtaí a fhaigheann sé/sí mar chomhalta de Dháil Éireann nó mar shealbhóir oifige aireachta**

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

**i. Caiteachas ar aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le haon duine eile i ndáil le dualgais a eascraíonn as gníomhaíochtaí an duine sin i bpáirtí parlaiminteach**

| Sonraí faoi Chaiteachas | Suim (€) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

| | |
|---|---|
| **j.** | **Caiteachas ar sholáthar a dhéanamh do chaiteachas iompair agus pearsanta arna thabhú ag ceannaire parlaiminteach, ag oifigigh nó ag urlabhra páirtí pharlaimintigh a bhaineann leis an bhfeidhm páirtí pharlaimintigh atá acu, nó caiteachas den sórt sin a aisghabháil** |

| **Sonraí faoi Chaiteachas** | **Suim (€)** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Iomlán** | **€** |

## k. Caiteachas ar shiamsaíocht

| Sonraí faoi Chaiteachas | | Suim (€) |
|---|---|---|
| **Cineál an imeachta**<br>(e.g. Sólaistí do ghrúpaí scoile; lón do phinsinéirí seanaoise; etc.) | **An líon daoine a bhí i láthair** | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | **Iomlán** | **€** |

**Cuid 5.**

**An tuarascáil iniúchóra don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**ar an ráiteas caiteachais faoin**
**liúntas bliantúil arna íoc le ceannaire páirtí pharlaimintigh**
**faoin**
**Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte 1938**
**arna leasú leis**
**an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2014**
**("an tAcht").**

Mar a cheanglaítear le halt 10B den Acht, táim ag tuairisciú ar an ráiteas caiteachais ón liúntas don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023 ar shínigh ceannaire parlaiminteach é: [*Ainm an cheannaire páirtí pharlaimintigh*]
………………………………………………….

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Coinníodh taifid chuí chuntasaíochta i leith an liúntais sin agus i leith a eisíoca. Tá an ráiteas caiteachais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Is é mo thuairimse

- go léirítear go cuí sa ráiteas caiteachais caiteachas an liúntais don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023 agus an t-iarmhéid nár úsáideadh faoin dáta sin.

- gur cuireadh na heisíocaíochtaí i bhfeidhm maidir le speansais a eascraíonn as gníomhaíochtaí parlaiminte mar a shainmhínítear in alt 10H(1) den Acht.

Síniú an Iniúchóra: ___________________________
Ainm an Iniúchóra: ___________________________
Ainm na Cuideachta: ___________________________
Dáta: ___________________________